Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10314/26**

**TELECOM 299**
**CYBER 275**
**JAI 797**
**ESPACE 97**
**RELEX 800**
**CONUN 104**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Meitheamh 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9617/26 |
| Ábhar: | Comhdháil Lánchumhachtach ITU 2026 (Doha, an 9-27 Samhain 2026)<br>Seasaimh atá le glacadh ag an Aontas<br>- (an 8 Meitheamh 2026) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na seasaimh atá le glacadh ag an Aontas i bhfianaise Chomhdháil Lánchumhachtach ITU a bheidh ar siúl in Doha, Catar, ón 9 go dtí an 27 Samhain 2026, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) iad ag an 4180ú cruinniú a bhí aici an 8 Meitheamh 2026.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Na seasaimh atá le glacadh ag an Aontas i bhfianaise Chomhdháil Lánchumhachtach ITU 2026**

**(Doha, an 9-27 Samhain 2026)**

**An tsamhail rialachais ilpháirtithe leasmhara, duinelárnach arna bunú ar chearta an duine a chosaint**

1. Aithníonn an tAontas tábhacht straitéiseach ITU laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe, ós é an ghníomhaireacht speisialaithe don teileachumarsáid agus do na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide é lena gcuirtear an nascacht fhiúntach dhomhanda chun cinn agus lena rannchuidítear le forbairt, caighdeánú agus cur in úsáid cuimsitheach inbhuanaithe na dteicneolaíochtaí digiteacha.

2. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí d'idirlíon oscailte, saor, domhanda, idir-inoibritheach, slán, cobhsaí agus athléimneach, lena gcumasaítear an nuálaíocht agus a rialaítear trí shamhail ilpháirtithe leasmhara atá fréamhaithe i gcur chuige duinelárnach arna bhunú ar chearta an duine. Cosnóimid torthaí an Chruinnithe Mullaigh Dhomhanda faoin tSochaí Faisnéise: athbhreithniú 20 bliain (CMDFS+20) agus torthaí an Chomhshocraithe Dhigitigh Dhomhanda agus táimid tiomanta, anois agus amach anseo, an dá chreat de chuid na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go réidh rianúil. Cuirfimid an comhordú chun cinn i measc na gcomhpháirtithe atá ar aon intinn linn, lena n-áirítear sna tíortha i mbéal forbartha, chun spás digiteach aonair cuimsitheach a chaomhnú agus chun an nascacht fhóinteach a chur chun cinn do chách, agus sainorduithe faoi seach na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha á n-urramú ag an am céanna.

**A áirithiú go bhfanfaidh gníomhaíocht ITU laistigh den sainordú agus go mbeidh sí ailínithe le prionsabail na Náisiún Aontaithe**

3. Tacaíonn an tAontas le ITU atá oiriúnach dá fheidhm, a sheasfaidh an aimsir, atá éifeachtúil agus dírithe ar a shainordú, agus a sheachnaíonn an dúbláil le fóraim ábhartha eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcomhréir le hathchóiriú leanúnach NA80, agus na gníomhaíochtaí uile fós comhsheasmhach le Cairt na Náisiún Aontaithe agus leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

4. Tacaímid le ról ITU, laistigh dá shainordú, agus comhlántacht agus comhleanúnachas á n-áirithiú le róil agus freagrachtaí ar leith na gcomhlachtaí agus na bpróiseas idirnáisiúnta ábhartha ag an am céanna.

5. Ní thacaíonn an tAontas le tionól na Comhdhála Domhanda maidir leis an Teileachumarsáid Idirnáisiúnta ná le hathbhreithniú substainteach ar na Rialacháin Teileachumarsáide Idirnáisiúnta. Leanaimid de thosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme éifeachtach na n-ionstraimí agus na bpróiseas atá ann cheana.

6. Cuirimid chun cinn bainistíocht éifeachtúil thrédhearcach ar ITU agus bainistíocht fhreagrach airgeadais, lena n-áirítear an smacht buiséadach agus an fás ainmniúil nialasach san aonad ranníocach.

**Nascacht dhomhanda atá slán athléimneach**

7. Dearbhaíonn an tAontas gur gá athléimneacht an bhonneagair cumarsáide chriticiúil a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear na córais satailíte agus eitleonaice agus na cáblaí fomhuirí, mar thosaíocht dhomhanda, agus an chibear-athléimneacht i líonraí teileachumarsáide a neartú, i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí go léir sa réimse seo ó thaobh múscailt feasachta, cúnamh teicniúil, agus fothú acmhainneachta.

8. Is cúis imní dúinn an trasnaíocht dhíobhálach atá ag déanamh difear do na Córais um Loingseoireacht Satailíte Dhomhanda, rud a chuireann an tsábháilteacht eitlíochta agus mhuirí i mbaol, agus tacaímid le cumas ITU saineolas agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit a neartú chun an trasnaíocht sin a chosc, a bhrath agus a réiteach i gcomhréir le Bunreacht ITU agus leis na Rialacháin Raidió.

**Rochtain chothrom inbhuanaithe ar acmhainní spáis a chur chun cinn**

9. Tacaíonn an tAontas le rochtain chothrom ar speictream agus ar acmhainní fithiseacha do na seirbhísí riarachán go léir, mar a léirítear i mBunreacht ITU (Airt. 44) agus sa Bhrollach a ghabhann leis na Rialacháin Raidió (Airt. 0.3). Chuige sin, leagann an tAontas béim nach beag ar a thábhachtaí atá sé go gcomhlíonfaidh na páirtithe uile forálacha na Rialachán Raidió.

10. Leagaimid béim ar a thábhachtaí atá sé inbhuanaitheacht fhadtéarmach na ngníomhaíochtaí spáis a áirithiú, agus tugaimid dár n-aire forbairt buíonta móra neamh-GSO.

**Na teicneolaíochtaí digiteacha iontaofa atá fabhrach don nuálaíocht a chur chun cinn**

11. Cuireann an tAontas teicneolaíochtaí iontaofa duinelárnacha chun cinn agus áiritheoidh sé go mbeidh torthaí ITU comhsheasmhach leis na creataí rialála agus rialachais ábhartha. Ag tógáil ar chuspóirí na gcreataí réigiúnacha, cuir i gcás Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga, tacaímid le ról ITU, laistigh dá shainordú, agus é ag leanúint de bheith ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe chun na tairbhí lena mbaineann úsáid iontaofa duinelárnach IS don fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach, de réir mar a léirítear, mar shampla, in 'AI for Good Summits' iad.

12. Tacaímid le creat domhanda idir-inoibritheach an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide-2030 (6G) agus é bunaithe ar chaighdeáin, arna fhorbairt i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí ábhartha forbartha caighdeán, lena n-áirítear 3GPP, agus lena léirítear prionsabail na hinbhuanaitheachta, na slándála agus na hathléimneachta.

**Na caighdeáin dhigiteacha atá bunaithe ar chearta agus atá úsáideoir-lárnach a chur chun cinn**

13. Tacaímid le forbairt caighdeáin chuimsitheacha inrochtana TFC, agus iad bunaithe ar chur chuige duinelárnach atá bunaithe ar chearta an duine, i gcomhréir le sainordú ITU agus i gcomhar leis na comhlachtaí ábhartha um chaighdeánú.

14. Molaimid go bhforbrófaí caighdeáin agus uirlisí teicniúla idir-inoibritheacha lena gcaomhnófaí an príobháideachas, lenar féidir tacú le teileachumarsáid shlán iontaofa, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine.

**Comhpháirtíochtaí agus an t-ailíniú taidhleoireachta a threisiú**

15. Beimid rannpháirteach go hoscailte agus go cuiditheach sa phróiseas ullmhúcháin a ghabhann le PP-26 agus úsáidfimid cur chuige Fhoireann na hEorpa leis na comhpháirtithe uile, lena n-áirítear na príomhpháirtithe leasmhara ón earnáil phríobháideach, ón tsochaí shibhialta agus ón saol acadúil, chun comhthuiscint a chothú, réimsí cóineasaithe a shainaithint agus cuspóirí comhchoiteanna a chur chun cinn, i ndlúthchomhar le Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide, arb í an príomhchreat comhordúcháin réigiúnaigh í.

16. Athdhearbhaímid go bhfuilimid tiomanta go láidir do na 'Prionsabail maidir leis an Rúis agus an Bhealarúis i bhFóraim Iltaobhacha tar éis Fhogha na Rúise faoin Úcráin'[1] agus leanfaimid de bheith ag obair ar thacaíocht leathan thrasréigiúnach i measc Bhallstáit ITU a fheabhsú d'fhonn teachtaireacht aontaithe ón gcomhphobal idirnáisiúnta a choinneáil ar bun agus chun comhsheasmhacht a áirithiú i seasaimh ar fud phróisis ITU.

---

[1] 7261/22